Tiomnaíodh gailearaí taispeántais sealadach Mhúsaem Chontae Cheatharlach do Theaghlach O’Hanrahan / Uí Annracháin, an Satharn, 11 Márta mar gheall ar an méid a bhí déanta acu do shaoirse na hÉireann. Bhí Teaghlach Uí Annracháin ina gcónaí ag 90 agus 91 Sráid na Tulaí i ndeireadh na 19^ú haoise agus i dtús na 20^ú haoise. Is é Pearse O’Hanrahan, sin-gharnia le Richard agus Mary O’Hanrahan, agus garnia lena gclann, Harry, Micheál, Edward, Áine (Ciss), Máire agus Eily, a rinne an nochtadh, bhí Richard O’Hanrahan sna Fíníní agus rinneadh ceiliúradh sa bhliain 2017 ar 150 bliain ó Éirí Amach na bhFíníní sa bhliain 1867. In éineacht le Pearse don ócáid, bhí a dheartháir Harry agus gaolta eile theaghlach O’Hanrahan, chomh maith le Déirdre Lawlor garneacht agus sin-gharneacht.

I láthair ag an nochtadh bhí: an Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Comhairle Chontae Cheatharlach; an Comhairleoir Fintan Phelan, Cathaoirleach Choiste Cheatharlach na hÉireann 2016 agus an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach.



(Ó chlé go deas) An Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach; Harry agus Pearse O’Hanrahan; An Comhairleoir Fintan Phelan, Méara agus Cathaoirleach Choiste Cheatharlach na hÉireann 2016; An Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach agus Deirdre Lawlor.

Ag labhairt dó ag an tiomnú, dúirt Pearse O’Hanrahan, a thaistil ó Dhún Dealgan, go raibh an-ríméad air as an ómós a taispeánadh do Theaghlach uile O’Hanrahan agus ghlac sé buíochas le Comhairle Chontae Cheatharlach agus le Bord an Mhúsaeim. Bhí sé rí-shoiléir dóibh siúd a bhí i láthair gur ón gcroí amach a labhair Pearse nuair a thagair sé don teaghlach agus do na ról a bhí acu. Bhí siad bainteach le go leor eagraíochtaí, lena n-áirítear, Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus Cumann na mBan. Luaigh sé go sonrach an tríú deirfiúr, Áine (Ciss), Máire agus Eily, a rugadh i gCeatharlach agus chomh mórtasach is a bhí siad ról tábhachtach a

bheith acu san Éirí Amach. Dhírigh sé aird ar an mbealach inar baineadh úsáid as an teach a bhí ag an teaghlach i mBaile Átha Cliath le hairm a bhí le húsáid don Éirí Amach a stóráil. Níos tábhachtaí ná sin, cé gur thug Arm na Breataine ruathar faoin teach níor aimsigh siad aon airm agus ba mhór an chúis mórtais do na deirfiúracha an méid sin.

Dúirt an Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach, go ndearna Teaghlach O’Hanrahan a gcion go fonnmar do shaoirse na hÉireann sa 19^ú haois agus sa 20^ú haois. Níl aon dearmad á dhéanamh ar Theaghlach O’Hanrahan sa bhaile agus tá an GFC ainmnithe in onóir Mhichíl. Ghlac an Comhairleoir John Murphy buíochas le ‘GFC O’Hanrahan as ‘Corn O’Hanrahan’ a thabhairt ar iasacht don Mhúsaem lena chur ar taispeánt. Luaigh an Comhairleoir John Murphy freisin go raibh Harry agus Micheál i measc bhunaitheoirí Chlub na bhFear Oibre, an club deiridh dá chineál sa tír.

Dúirt an Comhairleoir Fintan Phelan, Méara Cheatharlach agus Cathaoirleach Choiste Cheatharlach na hÉireann 2016, ‘chuir Teaghlach O’Hanrahan cion thar na bearta le hÉirí Amach na Cásca sa bhliain 1916 agus leis an saol anseo i gCeatharlach. Dá bhrí sin, is maith an aghaidh orthu an gailearaí seo a bhí tiomnaithe ina n-onóir’ bhí an teaghlach ina gcónaí an-ghar don áit ina bhfuil an Músaem suite inniu.

Ag labhairt dó as Gaeilge, mar gheall gurbh é Micheál a bhunaigh Craobh Ceatharlach de Chonradh na Gaeilge, dhírigh an Comhairleoir Fergal Browne, Chathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach ar chomh tábhachtach is a bhí cultúr na hÉireann don Teaghlach agus an ról a bhí acu i gcur chun cinn an chultúir agus na Gaeilge, go háirithe.

Cuireann an gailearaí taispeántais seo, atá tiomnaithe do Theaghlach O’Hanrahan, taispeántais sealadacha agus ar bhonn uainíochta an Mhúsaem ar fáil. Nocht Pearse tar éis an tiomnaithe, i gcomhar lena dheartháir Harry, an phlaic chloiche a dhéanann an tiomnú a dheimhniú. Ina dhiaidh sin, bhronn an Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach i gcomhar leis an gComhairleoir Fintan Phelan, Cathaoirleach Choiste Cheatharlach na hÉireann 2016 agus leis an gComhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach bonn speisialta 1916 – 2016 Chomhairle Chontae Cheatharlach ar Pearse O’Hanrahan.

Éire Chruthaitheach & Cruinniú na Cásca:

Leanadh leis an gceiliúradh ar fud an chontae tar éis chuimhneachán céad bliain sa bhliain 2016 ar Éirí Amach na Cásca 1916 agus bunaíodh ‘Éire Chruthaitheach’ Chontae Cheatharlach mar chlár oidhreachta ar na cuimhneacháin seo. Beidh an clár seo á fheidhmiú ag na húdaráis áitiúla go léir sna cúig bliana atá amach romhainn. Tá comhordú rathúil déanta ag Músaem Chontae Cheatharlach ar chlár ‘Ceatharlach Éire 1916’ le dhá bhliain anuas, tráth ar óstáladh os cionn seasca imeacht sa chontae. Is í an Oifig Ealaíon atá ag tabhairt faoin gcomhordú. Iarradh ar na húdaráis áitiúla go léir imeachtaí saor in aisce a réachtáil do ‘Chruinniú na Cásca’ a bhí á réachtáil ar bhonn náisiúnta an Luan 17 Aibreán cothrom an lae ar cuireadh tús leis an Éirí Amach. Bhí an

Músaem, an Leabharlann agus Leabharlann na nAmharc-Ealaíon go léir rannpháirteach. Cuireadh turas saor in aisce den Mhúsaem ar fáil agus d'fhreastail suas le tríocha duine air sin.

Cur i Láthair 'Forógraí Athshamhlaithe':

Thapaigh gach uile bhunscoil sa chontae, mar chuid d'Éire 2016, an deis le linn bliain na gCuimhneachán, le húdar inní a léiriú agus lena bhfuil siad ag súil leis amach anseo a scríobh i 'bhForógraí Athshamhlaithe' nua. Mar chuid de Chlár 1916 Cheatharlach, thug Músaem Chontae Cheatharlach i gcomhar le hOifig Ealaíon Cheatharlach, cuireadh do bhunscoileanna ar fud an chontae Forógraí a chur isteach lena bpriontáil ar an gclóphreas bunaidh. Chuaigh an Músaem i bpáirt le Jack agus Paul Byrne, athair agus mac, ó Newark Printers, Cloch Ghrianáin, atá fós ag obair ar chlóphreas lámhe agus a bhaineann úsáid as an teicníc chéanna is a bhí in úsáid i bpriontáil Fhorógra na Cásca 1916.



Paul Byrne, ó Newark Printers ag obair le daltaí lena bhForógraí Athshamhlaithe a phrintáil, tá Jack Byrne sa chúlra.

Ghlac na scoileanna páirt i 'gceardlanna ar chlóphreasanna' faoi stiúir Newark Printing i Músaem Chontae Cheatharlach agus bhain na daltaí, na tuismitheoirí agus an fhoireann sásamh as na ceardlanna sin. Tugadh deis nach dtarlaíonn ach go hannamh do na daltaí le litirphreas a shocrú suas agus cuidiú lena bhforógra nua a phrintáil amach.

Tháinig na daltaí a bhí rannpháirteach, a dtuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí le chéile an 28ú lá de mhí an Mheithimh seo caite, i Halla an Bhaile, Ceatharlach, lena bhForógraí Athshamhlaithe, a bhí i bhfrámaí, a fháil ón gComhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach; ón gComhairleoir Fintan Phelan, Cathaoirleach choiste Cheatharlach Éire 2016 chomh maith le Jack agus Paul Byrne, Newark Printers. Beidh cóipeanna de na Forógraí ar taispeáint go mórálach i scoileanna na ndaltaí agus i Músaem Chontae Cheatharlach.

Ar na scoileanna a bhí rannpháirteach i dtionscnamh Ceatharlach Éire 2016, bhí Scoil Phádraig Naofa, an Tulach; Scoil Náisiúnta Bhinn an Choire; Scoil Molaise, Seanleithghlinn; Scoil Náisiúnta Muire Banríon na Cruinne, Muine Bheag; Scoil Náisiúnta Chill Damháin; Scoil Mhuire Lourdes, an Tulach agus Scoil Náisiúnta Mhuire, Muine Bheag.



Grianghraf grúpa de na scoileanna a bhí rannpháirteach ag ócáid bhronnta a gcuid Forógraí Athshamhlaithe i Halla an Bhaile, is é an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach i gcomhar leis an gComhairleoir Fintan Phelan, Cathaoirleach Choiste Cheatharlach Éire 2016 a rinne an bronnadh; sa phictiúr tá Pat Delaney, Comhairle Chontae Cheatharlach; Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim; Jack agus Paul Byrne, Newark Printers.

Éire 2016:

Sheol Heather Humphries, TD, agus Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an leabhar ‘Centenary’ Dé Céadaoin 18 Deireadh Fómhair in Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. Is achoimre atá sa leabhar ar an iliomad gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn chomóradh 100 bliain Éirí Amach na Cásca 1916. Tá painéal de ghloine dhaite an Mhúsaeim le Peadar Lamb mar ghné sa leabhar.

Taispeántas Scéim Leictriú na Tuaithe:

Tháinig an taispeántas seo, a ndearnadh forbairt air i gcomhpháirtíocht le roinn Chartlainne agus Oidhreachta BSL, chun críche i mí an Mhárta 2017. Mar gheall ar chomh maith is a d’éirigh leis an taispeántas cuireadh síneadh go dtí an bhliain 2017 le tréimhse an taispeántais.

TripAdvisor ‘Teastas Sármhaitheasa 2017’:

Fuair an Músaem ‘Teastas Sármhaitheasa TripAdvisor 2017’. Maíonn TripAdvisor go bhfuil siad ar an láithreán taistil is mó ar domhan, le hos cionn 60 milliún comhalta agus os cionn 170 milliún léirmheas ar óstáin, bialanna, nithe is díol spéise ó thaobh na

turasóireachta agus gnólachtaí eile a bhaineann le taisteal. Cuireann an pobal athbhreithniú isteach agus faigheann gnólacht rátáil mar thoradh ar an athbhreithniú sin. Tá ‘Teastas Sármhaitheasa’ seo bainte amach ag an Músaem den dara huair.

Straitéis Aoibháúil:

Dhearbhaigh an Músaem a thiomantas arís eile don Straitéis Aoibháúil tar éis freastal ar cheardlann a bhí á hóstáil ag Comhairle Chontae Cheatharlach go luath i mí Feabhra. Dhírigh an Músaem aird ina aighneacht ar na príomhbhealaí a gcuirtear an gnó atá aoibháúil i bhfeidhm trí roinnt cathaoireacha le huillinneacha a bheith ar fáil ar fud na ngailearaithe; cló mór ar na príomhphainéil taispeána agus trí dhaoine a thionlacan san ardaitheoir.

Grúpa Staidéir Hillfort:

Reáchtáil ‘Grúpa Staidéir Hillfort’, atá lonnaithe in Ollscoil Oxford a dturas bliantúil trí lá ar Éirinn le linn an deireadh seachtaine, an Aoine 21 go Domhnach an 23 Aibreán. D’fhan siad i mbaile Cheatharlach agus bhí a gcuirtear acu in Ionad Pobail na hEaglaise agus ina dhiaidh sin thug siad cuairt ar an Músaem, áit ar chuir an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach agus comhaltaí Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach fáilte rompu.



(Ó chlé go deas) an tOllamh William O’Brien, Roinn na Seandálaíochta, UCC; Noreen Whelan agus Martin Nevin, Bord Mhúsaem Chontae Cheatharlach; an Dr Eileen Wilkes, Cathaoirleach Ghrúpa Staidéir Hillfort;

An Dr Wendy Morrison, Rúnaí Grúpa Staidéir Hillfort; an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach; an Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Comhairle Chontae Cheatharlach agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem le linn cuairte Ghrúpa Staidéir Hillfort ar an Músaem.

An Fhéile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach:

Rinneadh óstáil go rathúil den cheathrú huair le sé bliana anuas i mBaile Cheatharlach ar an Fhéile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach le linn Seachtain na Cásca ón 18 go 22 Aibreán. Reáchtáil an Músaem roinnt imeachtaí mar chuid den chlár ar nós turais eagraithe ar an Músaem agus turas ar Chaisleán Cheatharlach. Rinneadh óstáil sa Mhúsaem freisin ar roinnt seisiúin amhráin agus seanchais agus d'fhreastail roinnt de na toscairí a bhí ar cuairt ar na seisiúin agus ghlac cuid acu páirt iontu.

Comóradh Lucinda Sly:

Rinne Músaem Chontae Cheatharlach i gcomhar le hIonad Siopadóireachta Cheatharlach agus le John Mac Kenna, Scríbhneoir Cónaithe Leabharlann Cheatharlach comóradh ar 182 bliain ó crochadh Lucinda Sly agus John Dempsey ag 2:30pm an Déardaoin 30 Márta i dTeach an Rialtóra i bPríosún Cheatharlach, (Ionad Siopadóireachta Cheatharlach sa lá atá inniu ann).

Léigh John McKenna sliocht as dráma den ainm céanna le John agus Angela Kehoe agus lean nóiméad ciúnais é sin díreach ag an am ar crochadh John Dempsey agus Lucinda Sly – is í Lucinda Sly an bhean deiridh a crochadh i bPríosún Cheatharlach.

Comórtas Staire Scoileanna CHAS:

Bhronn Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach duaiseanna ar bhuaiteoirí ina gComórtas Tionscadail Staire bliantúil do Bhunscoileanna 2017 ag ócáid a bhí ar siúl i Músaem Chontae Cheatharlach an Déardaoin 30 Márta. Is David Bolger ó Scoil Náisiúnta an Easpaig Foley a bhain an chéad duais amach le tionscadal ar 'Milford Mills'. Tháinig Eva Jones, Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillín sa dara háit le tionscadal ar 'Knockroe Bombing 1941' agus bhain Rory Leen, Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillín an tríú háit amach lena thionscadal ar 'Corries'. Fuair Emma Carbery, Scoil Mhuire Gan Smál Ardmholadh lena tionscadal ar Dan Carbery 1904 – 1957 – a sin-seanathair. Beidh na tionscadail a bhain duaiseanna amach ar taispeáint sa Mhúsaem le linn na bliana atá amach romhainn.



Roinnt de na buaiteoirí le Richard Codd, Bertie Watchorn, Uachtarán agus Jim Shannon ó Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach ag an searmanas bronnta.

Ceiliúradh Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg & an bhaint a bhí ag an Naomh le Ceatharlach:

Tharla mór-cheiliúradh ‘Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg agus an Bhaint a bhí ag an Naomh le Ceatharlach’ i gCeatharlach agus in Echternach, Lucsamburg le linn mhí an Mheithimh 2017. Bhíothas i mbun pleanála na n-imeachtaí sin le dhá bhliain anuas agus rinne an Músaem forbairt ar an togra i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Cheatharlach; Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach; Paróiste Eaglaise Cheatharlach; Deoise Chill Dara agus Leithghlinne; Deoise Leithghlinne; Eaglais Naomh Lasaríon, Seanleithghlinn; Roinn na Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; an Willibrordus Bauverein (Willibrord Foundation), Echternach, Lucsamburg agus Tully’s Travel, Ceatharlach. Is sa Mhúsaem a rinneadh an comhordú iomlán ar thaobh Cheatharlach den cheiliúradh.

Tá an-tóir ag go leor phobail Chríostaí ar Naomh Willibrord, go háirithe Caitlicigh Rómhánacha, Anglacánaigh agus Sean-Chaitlicigh. Bhí an ceangal seo le Ceatharlach ligthe i ndeardmad le himeacht na mblianta, ach a bhuíochas do thaighde acadúil a rinne an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le tríocha bliain anuas tá an ceangal seo athbhunaithe.



Grianghraf ó chuid d’oilithreacht Cheatharlach chuig Echternach a tógadh i gCearnóg an Bhaile agus sa ghrianghraf tá an tEaspag Burrows agus an tEaspag Nulty agus an Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach Dé Luain an 5 Meitheamh.

Sa bhliain 2000, thug grúpa ó Echternach cuairt ar Chill Eoghain/Ráth Meilsí agus in éineacht leo bhí Martin Nevin. Sa bhliain 2002, thug Henri, Ard-Diúc Lucsamburg cuairt stáit ar Éirinn agus sa bhliain 2009 thug an tUachtarán, Mary McAleese cuairt ar Echternach mar chuid dá cuairt stáit ar Lucsamburg agus labhair sí ar an gceangal le Echternach. Ó shin i leith, tá caidreamh gníomhach forbartha idir eagraíochtaí i

gCeatharlach agus in Echternach araon, go háirithe idir an Willibrord Foundation agus Músaem Chontae Cheatharlach. Tá taispeántas ar leith oscailte sa Mhúsaem maidir le Naomh Willibrord agus maidir leis an am a chaith sé i gCeatharlach, an misean a bhí aige, an tionchar atá aige sa lá atá inniu ann agus Stádas Oidhreachta Domhanda UNESCO an ‘mhórshiúil hapála’ atá á reáchtáil ar bhonn bliantúil in Echternach. Tá cóip de lámhscríbhinn Naomh Willibrord le feiceáil sa taispeántas chomh maith le samplaí de lámhscríbhinní nach bhfuil a sárú le feiceáil agus cuireadh na lámhscríbhinní seo ar fáil in Echternach. Tá sé soiléir nuair atáthar ag féachaint ar na lámhscríbhinní go raibh siad go mór faoi thionchar ag lámhscríbhinní Éireannacha a raibh clú agus cáil orthu. Thug muintir Echternach cuairt ar an taispeántas an Domhnach 25 Meitheamh agus ba léir go raibh siad thar a bheith tógtha leis an taispeántas.



An Sár-Oirmhinneach Jean-Claude Hollerich, Ardeaspag Lucsamburg ag bronnadh ‘Iarsma de Naomh Willibrord’ a bhí coimisiúnaithe go speisialta, ar an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne i mBaisleac Naomh Willibrord, Echternach.

Rinne an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne i gcomhar leis an bhFíor-Oirmhinneach Michael Burrows, Easpag an Chaisil, Phort Láirge, Lios Mór, Farna, Osraí agus Leithghlinne agus an Comhairleoir John Murphy, Cathairleach Comhairle Chontae Cheatharlach, comhoilithreacht éacúiméineach deoise de bheagnach seasca duine ó Cheatharlach chuig Echternach, Lucsamburg a stiúradh, bhí an chomhoilithreacht ar siúl ón Domhnach go dtí Dé Céadaoin, an 4 go dtí an 7 Meitheamh, chun glacadh le hIarsma Naomh Willibrord agus chomh maith leis bhí siad ar an gcéad oilithreacht riamh as Éirinn, de réir an eolais, a ghlac páirt sa ‘mhórshiúil hapála’ bliantúil in onóir Naomh Willibrord in Echternach, ag a bhfuil Stádas Oidhreachta Domhanda UNESCO.

Bhí seirbhís urnaí i mBaisleac Naomh Willibrord san oíche Dé Luain faoi stiúir an Ardeaspag Augustine Kasujja, Nuinteas an Phápa chuig Lucsamburg. Is le linn na

seirbhíse seo, agus é ag tabhairt seanmóra sa Bhaisleac a bhí lán go doras, a thug an tArdeaspag Hollerich eolas cén fáth go raibh an grúpa as Ceatharlach i láthair agus mhínigh sé go raibh cead tugtha aige Iarsma de Naomh Willibrord a bhronnadh ar mhuintir Chontae Cheatharlach agus ghlac sé buíochas leo agus le muintir na hÉireann as oiliúint, as oirniú agus as féith na misinéireachta a spreagadh i Naomh Willibrord. Is dealbh chré-umha de Naomh Willibrord atá sa dealbh agus Naomh Willibrord ina fhear óg, agus an tIarsma, píosa de cheann dá chuid cnámha ina lámh aige agus tá an dealbh laistigh de shamhail den Bhaisleac. Tá Naomh Willibrord ina sheasamh ar ghaineamhchloch atá tógtha as an méid a bhí fágtha dá mhainistir bhunaidh, atá lonnaithe in uaimh na baislice. Is iad an Willibrord Foundation a rinne coimisiúnú ar an dealbh.

An Mháirt 6 Meitheamh, tar éis Aifreann 8am, rinne an chléir a bhí bailithe Iarsma Naomh Willibrord a thabhairt ó bhaisleac Naomh Willibrord go dtí cearnóg na meánscoile ina aice láimhe áit a raibh na sluaite bailithe. Shiúl slua mór an bealach agus Liodáin Naomh Willibrord á rá acu. Ag teacht ina ndiaidh bhí na fir dhóiteáin áitiúla a raibh an tIarsma á iompar acu. Lean os cionn 10,000 duine na fir dhóiteáin agus iad ag hapáil ón gcos chlé go dtí an chos dheas in onóir Naomh Willibrord. Bhí gach aon ghrúpa den tríocha naoi ngrúpa á dtionlacan ag bannaí ceoil agus iad go léir ar aon tiúin amháin.

Is é grúpa Cheatharlach an chéad ghrúpa oilithreachta riamh as an tír seo a ghlac páirt sa mhórshiúl seo de réir an eolais atá againn, bhain an oilithreacht seo Stádas Oidhreachta Domhanda UNESCO amach sa bhliain 2010. Amach os comhar ghrúpa Cheatharlach bhí Banna Ceoil Scoil na Toirbhirte, baile Cheatharlach, faoi stiúir an Mhúinteora Ceoil, Edwina Hayden. Bhí an grúpa ar nós gach uile ghrúpa eile, ag hapáil i líne de chúigear agus iad ceangailte lena chéile le ciarsúir bhána. ‘Is daoine atá ag urnaí lena gcosa’ a thugtar ar an mórshiúl, oilithreacht fhisiciúil. Chuir na sluaite a bhí ar thaobhanna na sráide fáilte chroíúil roimh Bhanna Ceoil na Toirbhirte agus roimh oilithrigh Cheatharlach, oilithrigh a bhí ag hapáil, agus is iomaí bualadh cos a fuair siad. Chuaigh an grúpa isteach sa Bhaisleac ansin agus iad ag hapáil síos sa séipéal, isteach san uaimh atá faoin altóir agus thar thaisí Naomh Willibrord. Chríochnaigh an chéad mhórshiúl hapála riamh de Ghrúpa Cheatharlach ar theacht amach as an mBaisleac dóibh. Cé gur oilithreacht ghearr a bhí i gceist, ceithre lá ar an iomlán, bhain gach uile dhuine a ghlac páirt san oilithreacht sásamh as an taithí agus fuair siad tuiscint níos fearr ar Naomh Willibrord agus thuig siad chomh maith cé chomh tábhachtach is atá an Naomh do mhuintir Lucsamburg.



Banna ceoil na Toirbhirte agus oilithreacht Cheatharlach á stiúradh acu le linn an ‘mórshiúil hapála bliantúil’.

Bhí an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaeim Chontae Cheatharlach in éineacht leis an gComhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach ar an oilithreacht chomh maith le Martin Nevin, Bhord Mhúsaeim Chontae Cheatharlach; Pat Delaney, Stiúrthóir Seirbhísí agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim. Chuir Peadar Carpenter, Ambasadóir na hÉireann chuig Lucsamburg fáilte roimh an ngrúpa go Lucsamburg an Luan, 5 Meitheamh. Chuir an Méara Yves Wengler agus Comhaltaí Chomhairle Echternach fáilte speisialta go Echternach roimh an ngrúpa níos deireanaí an lá céanna.

Tugadh Iarsma Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg chun a áit chónaithe buan in Ardeaglais na Deastógála, Baile Cheatharlach an Satharn 24 Meitheamh. Tugadh an tIarsma os cionn 13km ó Eaglais Naomh Lasaríon, Seanleithghlinn (Eaglais na hÉireann) chuig Ardeaglais na Deastógála, Ceatharlach (Caitliceach) trí Shlí álainn an Bhearrúin, bealach siúlóide atá marcáilte go náisiúnta feadh bruacha abhann an Bhearrúin. Thug beagnach dhá chéad duine faoin tsiúlóid, a bhí déanta suas de dhaoine as Éirinn agus as Lucsamburg faoi stiúir an Fhíor-Oirmhinneach Michael Burrows, Easpag an Chaisil, Phort Láirge, Lios Mór, Farna, Osraí agus Leithghlinne agus an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne.



Cairde ó Echternach ag tabhairt cuairt ar an láithreán i Ráth Meilsí, Garraí Uí Bhruacháin

Chaith an grúpa ó Echternach, ina raibh fiche naoi duine, agus a tháinig an Déardaoin, 22 Meitheamh, ceithre lá i gCeatharlach. Ar bhuaicphointe an turais bhí ‘Siúlóid le Naomh Willibrord’ ar cuireadh tús leis ag an Tobar Beannaithe sa tSeanleithghlinn maidin Dé Sathairn an 24 Meitheamh. Leanadh leis an tSeirbhís in Eaglais Naomh Lasaríon in aice láimhe, tá an foirgneamh seo ar an fhoirgneamh is sine i gCeatharlach atá fós i mbun seirbhíse, tá an Eaglais tógtha ar shuíomh an mhainistir a bhí ann níos túsce inar thionól Naomh Lasaríon sionad go luath sa 7ú haois le dáta a shocrú don Cháisc. Go gairid tar éis 11am, cuireadh an tIarsma isteach go cúramach i bhfeithicil de chuid Chosaint Shíbhialta Cheatharlach agus le ceol draíochta ó pháibairí Bhanna Píob Chill Uisean, chuir dhá chéad duine tús leis an tsiúlóid faoi stiúir an Easpaig Burrows agus an Easpaig Nulty chomh fada le hArdeaglais Cheatharlach. Tar éis dóibh stopadh le haghaidh sólaistí in Ionad Pobail Leithghlinn an Droichid thug an lucht siúlóide Slí an Bhearrúin orthu féin i dtreo Áth na Muilte. Bhí paidreacha á rá agus machnamh á dhéanamh ag na hEaspaig Burrows agus Nulty le cúnadh ón gcléir áitiúil ag stopanna feadh an bhealaigh siúlóide, ag Leithghlinn an Droichid, Áth na Muilte, Cloch Ghrianáin, (Loc Lanigan), Séipéal Naomh Clár, sa Ghráig agus i Séipéal Naomh Muire.

I mbaile Cheatharlach, tugadh an tIarsma i mórshiúl ó Shéipéal Naomh Clár go Séipéal Naomh Muire agus chomh fada le hArdeaglais na Deastógála ansin. D’iompair Comhaltaí de Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach an tIarsma trí shráideanna an bhaile, ag aithris ar an traidisiún in Echternach, áit a n-íompraíonn Seirbhís Dóiteáin an bhaile an tIarsma ag ceann an mhórshiúil hapála bliantúil. Rinne Banna Ceoil na Toirbhirte an mórshiúl a threorú i gCeatharlach, bhí an Banna Ceoil in Echternach níos túsce i mí an Mheithimh. Chas siad fonn hapála agus iad ag druidim leis an Ardeaglais agus thug na cuairteoirí ó Echternach faoin hapáil chomh fada le doras na hArdeaglaise. Meastar gur ghlac 1,500 duine páirt san imeacht i rith an lae.

Chuir an Comhairleoir William Paton, Cathaoirleach Comhairle Chontae Cheatharlach agus an Comhairleoir Jim Deane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach fáilte go Ceatharlach roimh na cuairteoirí ag fáiltiú an Aoine, 23 Meitheamh, a bhí á óstáil ag Comhairle Chontae Cheatharlach. Bronnadh an ‘Book of Carlow – Echternach 2018’ ar

an ngrúpa leis na cuairteanna agus leis an gceiliúradh i gcomhar a thabhairt chun cuimhne, is lámhscríbhinn veillim atá sa leabhar a bhí coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae Cheatharlach, Deoise Chill Dara agus Leithghlinne agus ag Deoise Leithghlinne. Is é Tim O’Neill, duine de na callagrafaithe is cáiliúla in Éirinn, a rinne an leabhar seo. Níl aon lámhscríbhinn bhunaidh in Echternach le himeacht na blianta mar gheall ar go leor cúiseanna agus ba dheis a bhí anseo do mhuintir Cheatharlach an lámhscríbhinn uathúil seo a bhronnadh ar mhuintir Echternach mar chomhartha ómóis ar na cuairteanna ar an dá thír le gairid. Sa leabhar, a bheidh ar taispeáint in Echternach, beidh na focail a scríobh Naomh Willibrord an chéad lá riamh in 728 AD i leabhar a thug sé as Ceatharlach. Tugtar breac-chuntas sa chuid eile den leabhar ar an gceangal stairiúil agus tugtar liosta ansin de suas is anuas le seasca duine a thaistil ó Cheatharlach go Echternach agus a ghlac páirt sa mhórshiúl hapála agus ansin tugtar liosta den fiche a naoi duine a thaistil go Ceatharlach agus a ghlac páirt i ‘Siúlóid Naomh Willibrord’.



Ag bronnadh ‘Book of Carlow – Echternach 2018’ ar Pierre Kauthen, Willibrord Foundation, (ó chlÉ go deas) tá an tEaspag Michael Burrows, an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, an Comhairleoir William Paton, Cathaoirleach Comhairle Chontae Cheatharlach; Pierre Kauthen, an Comhairleoir Jim Deane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach agus Jim Townsend.

Thug an grúpa cuairt phríobháideach ar Chill Eoghain/Ráth Meilsí, maidin Dé Sathairn 24 Meitheamh, suíomh lonnaithe Angla-Shacsanach de chuid na 7ú haoise, áit ar chaith Naomh Willibrord dhá bhliain déag. Dúradh paidreacha agus rinneadh machnamh faoi stiúir an Easpaig Michael Burrows, thug Pierre Kauthen aitheasc agus ghlac a raibh i láthair páirt sa hapáil. Ba chuid bhunúsach den turas ar an tír seo a bhí sa chuairt ar an suíomh.

Rinneadh Féile Naomh Willibrord a cheiliúradh Dé Máirt 7 Samhain in Ardeaglais na Deastógála ag 7.30pm. Craoladh clár faisnéise an Domhnach 12 Samhain, ar KCLR 96Fm, clár a mhair uair an chloig a bhí anseo, ‘Carlow Hops to Luxembourg’. Lean an clár faisnéise, a bhí á léiriú ag Monica Hayes, an oilithreach ó Cheatharlach go Lucsamburg agus lean siad an tsiúlóid iomlán ‘Walk With Willibrord’.

Thug Caroline agus Peter Lassooy ón Ísiltír cuairt ar an Músaem ag tarraingt le lár mhí Meán Fómhair agus bhronn siad beoir i mbuidéal orainn in onóir Adelbert, a d’fhág

Contae Cheatharlach mar chuid de mhisean Naomh Willibrord. Is é Adelbert pátrún Mainistir Egmond san Ísiltír agus sa bhliain 2009 táirgeadh beoir, le cead na mainistreach, ina onóir.



Caroline agus Peter Lassooy ag bronnadh na beorach 'Sancti Adalberti' ar an gComhairleoir Jim Deane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach agus John McDarby, Músaem Chontae Cheatharlach.

Tá buíochas ag dul do na daoine aonair agus do na heagraíochtaí seo a leanas as a gcúnamh leis an tionscadal iontach seo:

An Amenity Trust, Ceatharlach; an Dr Maria Emanuela Boccafoschi, Lucsamburg; Sharon Bolger agus foireann an Carlow People; Rosemary Boyd agus Aisling Brennan, Bishops House, baile Cheatharlach; Martin Burke, iar-Ambasadóir na hÉireann chuig Lucsamburg; Maureen Byrne, Tinryland Parish Magazine; Paróiste Ardeaglaise Cheatharlach, lena n-áirítear an tSiúir Dolores Fitzgerald agus an tAth. Brian Maguire; Comhaltaí agus foireann Chomhairle Chontae Cheatharlach, lena n-áirítear Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach, Pat Harrington agus Ray Wickham, Innealtóirí Sinsearacha Feidhmiúcháin, Pádraig Cahill agus Cosaint Shíbhialta Cheatharlach: Ronan Boyle, Michael Cahill, Enda Curran, Garry Dowling, Ger Doyle, James Doyle, David Geoghegan, Jennifer Holligan, Paul Hooper, Ashling Hutton, Jimmy Kavanagh, Darren Lewis agus Fiona Ryder; Sinéad Dowling, Oifigeach Ealaíon, Ann Hovenden, Clare Hutton, Luise Hutton, Brenda Lacey, Michael Leahy, PJ Leonard, Eoin Lyng, Kay Moore, Aileen Nolan, Margaret Quinlan, Patricia Roche agus Wayne Taylor; Alan O'Neill, Príomh-Oifigeach Dóiteáin Gníomhach Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach agus Comhraiceoirí Dóiteáin: Paul Curran, Joe O'Reilly, Aiden Owens agus Dermot Scully; Bord Mhúsaem Chontae Cheatharlach: an Dr Séamus Ó Murchú, Cathaoirleach; an Comhairleoir Fergal Browne, an Comhairleoir Andrea Dalton, Gary Hughes, an Comhairleoir Walter Lacey, John Shortall, Leabharlannaí Gníomhach an Chontae agus Noreen Whelan; Músaem Chontae Cheatharlach: Kelly Mooney, John McDarby,

Martin O'Rourke agus an fhoireann agus oibrithe deonacha; Loraine Brennan, Eileen O'Rourke agus foireann Turasóireachta Cheatharlach; Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teoranta, Clár Tús lena n-áirítear Michelle Byrne agus Lucy Stevenson; A Shoilse Peadar Carpenter, Ambasadóir na hÉireann chuig Lucsamburg; Ray Cleere, Ireland's Own; Maria Cristina Pirvu, Bibliothèque Nationale de France, Páras; Scoile Rince Dargan: Adeline Dargan, múinteoir agus damhsóirí Ciara Hennessy, Dara Kearns, Claudia McDonald agus Chantelle Matthews; Teaghlach Deacon, Garraí Uí Bhruacháin; Delta Centre; Marc Diederich, Uachtarán, Willibrordus-Bauverein agus comhaltaí, lena n-áirítear Pierre Kauthen agus Alain Muller; Gerrie Dunne, Conraitheoirí Tógála Gerrie Dunne; an tAth John Dunphy, Paróiste na Gráige & Cill Uisean; A Shoilse Patrick Engelberg, Ambasadóir Lucsamburg chun na hÉireann (go dtí 2018); Francis Erasmy, Recteur de la Basilique St-Willibrord; an Dr Bernadette Flanagan, an Dr Noel Keating agus an Dr Michael O'Sullivan, SpIRE; an Garda Síochána, Ceatharlach, lena n-áirítear an Ceannfort Gerry Redmond agus an Sáirsint Michelle Byrne; Mags Gargan, nuachtán an Irish Catholic; Sharon Greene, Archaeology Ireland; an Dr Janet Gunning, Durham Cathedral Library; Margaret Hawkins, Denise Hughes, the Magazine & Media Committee, Deoise an Chaisil, Port Láirge, Lios Mór, Fearná, Osraí agus Leithghlinne; Monica Hayes, KCLR 96FM; Ivan J Healy, Consal Oinigh Lucsamburg chun na hÉireann; Julia Heyer; an Sár-Oirmhinneach Jean-Claude Hollerich, Ardeaspag Lucsamburg; an tAth Ed Hone, Lucsamburg; Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann, lena n-áirítear, Claire Fitzgibbon; Jones Business Systems lena n-áirítear Marie Cooney agus Doug Poole; Mary Kelly, Ionad Cuaireoirí Gleann Dá Loch, Contae Chill Mhantáin; Banna Chill Uisean, lena n-áirítear Amy Collins, Gerrie Dunne agus Marie Murphy; an Ró-Oirmhinneach Thomas Lalor SP agus Ionad Pobail Leithghlinn an Droichid; Alex Langini, Abbey Museum, Echternach; Joe & Kevin Mahon, West Way Films, 'Lesser Spotted Ireland; Grace Marshall; an tUrramach Paul Maxwell agus Avril Hogan, Eaglais Mheitidisteach Ceatharlach; Martin Nevin; an Dr Louise Nugent, Pilgrimage in Medieval Ireland; Conal O'Boyle, Eagarthóir agus foireann an Carlow Nationalist; an tAth Conn Ó Maoldhomhnaigh, Uachtarán, Averil Lawler agus an fhoireann Iónadóireachta Coláiste Cheatharlach; Gerry O'Neill, O'Neill Engineering Ltd; Pat O'Neill, Uachtarán, coiste agus comhaltaí Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach; Tim O'Neill, Baile Átha Cliath, callagrafaí; A Shoilse Jean Olinger, Ambasadóir Lucsamburg chun na hÉireann (2018+); Rajeenee Permale, Ambasáid Lucsamburg, Londain; Grianghrafadóireacht: Peuky Barone-Wagener, Paul Curran ó Chomhairle Chontae Cheatharlach, Grzegorz Kaczorek agus Sean McDonnell; Banna Ceoil na Toirbhirte faoi stiúir Edwina Hayden, Múinteoir Ceoil, Bernie Murphy, Príomhoide agus foireann agus tuismitheoirí Scoil Mhuire gan Smál, Baile Cheatharlach; Tim Redmond, Eagarthóir, Africa Magazine; Reelig: Marita Nolan, múinteoir agus ceoltóirí Katie Brennan, Colm Broderick, Meadhbh Broderick, Oisín Byrne, Thomas O'Donoghue agus Jack Gladney; Bryan Rose, Lucsamburg; an tSiúir Rosario, Máthairab agus siúracha Mainistir Siúracha Bochta San Clár, an Ghráig; RTE 'Nationwide', Helen McNerney, Eoin Ryan agus Brian Walsh; Óstán Seven Oaks; Thomas Sunderland Photography; Sharon Sutton, Leabharlann Choláiste na Tríonóide; Jim Townsend; Justin Townsend, Hardscapes Ltd.; Tully's Travel; Uiscebhealaí Éireann, lena n-áirítear Rosanna Nolan, Innealtóir & Jim Butler, Foreman; Yves Wengler, Méara Chathair Echternach agus an Chomhairle; an tUrramach David White, Séipéal Naomh Muire,

Eaglais na hÉireann, Baile Cheatharlach agus an seasca duine a thaistil as an tír seo go Mheithimh 2017.

Comórtas Ealaíne - Naomh Willibrord:

Thug an Fíor-Oirmhinneach Michael Burrows, Easpag an Chaisil, Phort Láirge, Lios Mór, Farna, Osraí agus Leithghlinne agus an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne cuireadh do dhaltáí i ranganna 5 agus 6 sna bunscoileanna i gContae Cheatharlach páirt a ghlacadh i gcomórtas ealaíne mar cheiliúradh ar Fhéile Naomh Willibrord, Patrún Lucsamburg agus ar an gceangal a bhí ag an naomh le Ceatharlach.



Bhailigh buaiteoirí an chomórtais le chéile an Mháirt 23 Bealtaine, i Músaem Chontae Cheatharlach lena gcuid tuismitheoirí agus lena gcuid múinteoirí le glacadh le plaiceanna agus le dearbhán do sholáthar ábhar do rang ealaíne ón gComhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Músaem Chontae Cheatharlach agus óna hEaspaig Burrows agus Nulty. Is í Hannah Kehoe a tháinig sa chéad áit, tá Hannah sa 6ú rang i Scoil Náisiúnta an Bhuiríos; bhí Zach Cassells sa dara háit agus tá Zach sa 6ú rang i Scoil Náisiúnta Cheatharlach agus tháinig Kacper Gniedziejko, atá sa 6ú rang i Scoil Molaise, sa tSeanleithghlinn agus Catelyn James Gibbons, atá sa 6ú rang sa Scoil Náisiúnta, sa Mhuine Bheag, araon sa tríú háit. Bhí gnéithe de shaol Naomh Willibrord le feiceáil ina gcuid saothar, saol na manach, na lámhscríbhinní maisithe a chuir siad ar fáil agus lonnaíochtaí reiligiúnacha meánaoiseacha i gContae Cheatharlach.

Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann “Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil”

Rinne Músaem Chontae Cheatharlach ionadaíocht ar Chomhairle Chontae Cheatharlach ag Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann “Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil” le déanaí sa chatagóir “Comóradh agus Cuimhneacháin” mar gheall ar ‘Fháil Amach faoi Naomh Willibrord’. Reáchtáladh an searmanas in Óstán an Crowne Plaza, Seantrabh, Baile Átha Cliath, an Déardaoin 23 Samhain. Is iad Músaem Chontae an Chabháin a bhuaigh sa chatagóir.

Léacht Sheachtain na hOidhreachta

Mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta 2017, d’eagraigh an Músaem i gcomhpháirtíocht le Bonneagar Iompair Éireann (TII) (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta mar a bhíodh) agus Halla Paróiste Thigh an Réileáin léacht ‘Seandálaíocht Timpealláin, ag aimsiú bunús ársa Bhaile na Carraige arís’ an Luan 21 Lúnasa. Is í Kate Taylor ón gcuideachta seandálaíochta TVAS (Ireland) Ltd, a bhí i mbun na tochailte, a thug an léacht i Halla Paróiste Thigh an Réileáin. Thug an TII maoiniú do Chomhairle Chontae Cheatharlach le timpeallán a thógáil ag aomhal an N80 agus ag an L1028 i mBaile na Carraige ar bhóthar Loch Garman trasna ó Pháirc Gnó Bhóthar Loch Garman, díreach lasmuigh de bhaile Cheatharlach.



(Ó chlé go Deas) Kate Taylor, TVAS (Ireland) Ltd, an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Mhúsaem Chontae Cheatharlach agus an Comhairleoir Jim Deane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach ag féachaint ar na fionnachtana.

Nocht an tochailt iarsmaí roinnt sraitheanna de ghníomhaíochtaí daonna. Tógadh díog chiorclach i ndeireadh na ré réamhstairiúla, thart ar 2000 bliain ó shin, le háit adhlactha a léiriú. Fuarthas iarsmaí de chnámh créamtha daonna sa díog; fuarthas coirníní gloine in éineacht le roinnt den chnámh créamtha. Bhí roinnt de na fionnachtana ar taispeáint ag an léacht le cead ó Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Oíche Chultúir:

Rinne foireann an Mhúsaem turas treoraithe praiticiúil a stiúradh mar chuid de ‘Oíche Chultúir 2017’ a bhí ar siúl Dé hAoine 22 Meán Fómhair.

Dámhachtainí Chomhlachais Tráchtála Cheatharlach:

Ainmníodh Músaem Chontae Cheatharlach in dhá chatagóir do Dhámhachtainí Gnó Cheatharlach 2017, a bhí eagraithe ag Comhlachais Tráchtála Cheatharlach. Tionóladh na Dámhachtainí go Físiúil an Déardaoin 28 Meán Fómhair. Ainmníodh an Músaem sna catagóirí ‘Carlow's Hidden Gem’ agus sa ‘Carlow's Best Tourism Experience (Attractions and Activities)’. Is iad Ionad Wellwood na Darach Ríoga a fuair catagóir Hidden Gem Cheatharlach agus bhuaigh Rathwood Home and Garden catagóir Best Tourism Experience Cheatharlach.

Nochtadh Plaic JKL:

Nocht an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne plaic Dé Máirt 2 Deireadh Fómhair mar chomóradh ar JKL (an tEaspag James Doyle) i gColáiste Cheatharlach. Is iad an ‘National Committee for Commemorative Plaques in Science and Technology’ a bhronn an phlaic ar an gColáiste a bhí coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae Cheatharlach trí Mhúsaem Chontae Cheatharlach. Tugann bronnadh na plaice aitheantas don phríomhról a bhí ag JKL i gcur córas oideachais náisiúnta chun cinn, lena n-áirítear múineadh na heolaíochta. Thug an Dr Thomas McGrath, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla agus Clárartheoir Choláiste Cheatharlach an léacht tar éis nochtadh na plaice. Is staraí é an Dr McGrath a bhfuil trí imleabhair maidir leis an Easpag Doyle foilsithe aige.



Sa ghrianghraf ag nochtadh na plaice in onóir James Doyle (JKL) (ó chlé go deas): tá an Dr Norman McMillan, Rúnaí an Choiste Náisiúnta do Phlaiceanna Comórtha san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht, an Dr Tom McGrath, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla agus Clárathóir Choláiste Cheatharlach; an Comhairleoir John Murphy, an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Cheatharlach, Pat Delaney, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Cheatharlach, an Comhairleoir Jim Deane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, an Seanadóir Jennifer Murnane-O'Connor, an Dr Brian Smyth, Cathaoirleach an Choiste Náisiúnta do Phlaiceanna Comórtha san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht agus an Moinsíneoir Brendan Byrne.

Bhí an tEaspag Doyle nua-aoiseach ó thaobh an oideachais agus bhí an-fhonn air scoileanna a chur ar fáil ar feadh na bliana faoi fhoireann múinteoirí a bhí oilte de réir na smaointeoireachta is déanaí maidir le bunoidreachas in ionad scoileanna scairte séasúracha bunúsacha le múinteoirí ar dhroch-oiliúint gan rialú. Bhí a fhianaise i Westminster, Londain, lárnach ó thaobh an chinnte córas scoile náisiúnta a bhunú agus thacaigh an tEaspag Doyle le hoideachas il-sainchreidmheach.

Líonra Músaeim na nÚdarás Áitiúil (LAMN)


Toghadh Dermot Mulligan mar rúnaí ar Líonra Músaeim na nÚdarás Áitiúil (LAMN) agus d'éirigh sé as mar rúnaí ar Choiste Mhúsaeim Ainmnithe na hÉireann.

Ciorcal Gaeilge:

Is iad Glór Cheatharlach a dhéanann comhordú ar an imeacht seachtainiúil seo le linn téarmaí scoile agus tá sé á éascú ag an Músaem. Tá ag éirí thar barr leis an imeacht seo agus meallann sé daoine éagsúla isteach ar bhonn seachtainiúil le comhrá Gaeilge a bheith acu ar feadh uair an chloig.

Dráma 'The Winter Dress':

Rinneadh óstáil sa Mhúsaem, an Mháirt 2 Nollaig, ar dhráma a mhair uair an chloig 'The Winter Dress'. Is í Angela Keogh a scríobh agus a ghlac páirt sa dráma in éineacht le John McKenna. Tá an dráma lonnaithe i gContae Cheatharlach agus insítear scéal ann maidir le gúnadóir agus le manach a chasann lena chéile i Wells, sa Dair Ríoga i ngeimhreadh na bliana 1348 AD. Roinneann siad a gcuid scéalta leis an turas a ghiorrú agus faigheann siad amach go bhfuil i bhfad níos mó i gcomhpháirt acu ná mar a cheap siad ar dtús. Baineann 'The Winter Dress' leis an saol, le grá agus le gáire agus an Phlá Mhór ar leac an dorais.



Babhla Bhaile Bheit Beag ar Iasacht:

Tá ‘Babhla Bhaile Bheit Beag’ faighte ar iasacht ag an Músaem ó Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is babhla potaireachta de chuid na Cré-umhaoise Luath atá sa bhabhla a fuarthas as eastát an Choirnéil Bunbury, Lios na bhFiodh, Ráth Bhile, Contae Cheatharlach. Fuarthas an babhla thart ar an mbliain 1862 faoi bhollán eibhir agus meán an babhla thart ar 2 thonna.


Is de chineál sonrach potaireachta Traidisiún an Bhabhla a théann siar go dtí an Chré-umhaois. Bíonn an taobh amuigh go hiondúil maisithe le dearadh greanta, tá Babhla Bhaile Bheit Beag aicmithe mar bhabhla easnach.

Fuarthas Soitheach Bhaile Bheit Beag ar eastát Lios na bhFiodh, ach ní mar thoradh ar thochailt seandálaíochta a tharla sé, mar sin tá neamhchinnteacht ag baint le comhthéacs na fionnachtana ach mar gheall go bhfuarthas é faoi bhollán eibhir d’fhéadfadh sé a bheith mar chuid d’adhlacadh ciste. Rinneadh cur síos ar Bhabhla Bhaile Bheit Beag, in alt a bhí foilsithe sa Journal of Royal Society of Antiquaries of Ireland in 1862, mar a ‘bheith iontaofa agus úr de réir a chuma (gan aon locht) mar a bhí sé an lá ar fhág sé lámha an photaire ársa Ceilteach’. Tá an soitheach mar chuid den bhailiúchán náisiúnta ón mbliain 1928.



Roinnt blianta ó shin, bhronn Noreen O’Keeffe, garíníon le Edward O’Toole (a fuair bás in 1943), agus a bhí ina príomhoide i scoil Ráth Bhile, a chuid páipéir pearsanta ar an Músaem, d’fhoilsigh sí a chuid cuimhní cinn sa bhliain 2003 ‘Whist for your life, that’s treason’. Le linn a bheith ag déanamh catalógú ar na páipéir sin, d’aimsigh foireann an Mhúsaem leabhar ar Stair Ráth Bhile i lámhscríbhneoireacht Edward O’Toole féin, ina raibh cur síos déanta aige ar stair neamhghnách an bhabhla agus an turas ar ar tugadh an babhla i ndiaidh a aimsithe. Ní raibh an t-eolas seo ag Ard-Mhúsaem na hÉireann

Tugann Edward míniú gur thug an tUasal Lynch, a fuair an babhla, an soitheach don Choirnéal Bunbury. Thug an Coirnéal Bunbury don Uasal Smyth as Little Moyle ansin é. Ar bhás an Uasail Smyth tugadh an soitheach do Robert Bell, ceantálaí i mBaile Cheatharlach, a thug dá dheartháir céile é, an tUasal Hobson a bhí ina chónaí i Nua-Eabhrac. Ar bhás don Uasal Hobson tugadh an babhla ar ais as Nua-Eabhrac agus tugadh do Robert Bell é. Scríobh Edward O’Toole ansin chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann á gcur ar an eolas maidir leis an déantán. Rinne Ard-Mhúsaem na hÉireann teagmháil le Robert Bell agus bhronn sé Babhla Bhaile Bheit Beag ar an Músaem.



Leathanach lámhscríofa ó 'Stair Ráth Bhile' le Edward O'Toole a thugann mionsonraí ar an stair atá ag gabháil le Babhla Bhaile Bheit Beag ón am a fuarthas é go dtí gur tugadh ar lámh é d'Ard-Mhúsaem na hÉireann sa bhliain 1928. Sliocht ccm 06-095.

Tá Músaem Chontae Cheatharlach ar cheann de dhá mhúsaem déag atá ainmnithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann le nithe seandálaíochta a bhaineann lena gcontae ar leith a bhailiú agus a chur ar taispeáint.

Líon na gcuartheoirí:

Tharraing an Músaem 24,758 cuairteoir isteach ó Eanáir go Nollaig 2017, an líon is mó cuairteoirí ar bhonn bliantúil go dtí seo. Ní áirítear ansin cuairteoirí a bhí ag glacadh páirt in imeachtaí lasmuigh den Mhúsaem, ar nós 'Siúlóid le Naomh Willibrord', agus tá breac-chuntas tugtha ina leith sin sa tuarascáil seo.

An Fhoireann & Oibrithe Deonacha:

Tá beirt chomhaltaí foirne lán-aimseartha sa Mhúsaem, Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim agus John McDarby, Oifigeach Foirne agus Martin O'Rourke, Maoirseoir Cothabhála, comhalta foirne atá roinnte leis an tSeirbhís Leabharlainne. Chríochnaigh Kelly Mooney, Inteim Céimí conradh dhá bhliain leis an Músaem. D'aistrigh sí chuig an Oifig Ealaíon atá lonnaithe i Halla an Bhaile i mí an Mheithimh.

Tá rochtain ag an Músaem ar phost lán-aimseartha amháin faoin Scéim Sóisialta Tús atá á chomhordú ag Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach. Tá an post seo á roinnt ag beirt ar feadh na seachtaine. Chríochnaigh Thomas Doyle bliain ar an scéim i mí Feabhra agus chríochnaigh John Riordan a bhliain féin i mí an Mheithimh. Tá beirt tagtha ina n-áit siúd, Bridget Flannery agus Thiru Thirukkumaran.

Reáchtáladh 6^ú Cóisir Bhliantúil an Mhúsaeim d'Oibrithe Deonacha in Ionad Delta agus d'fhreastail go leor d'oibrithe deonacha tiomnaithe ar an ócáid. Tá an Músaem thar a bheith buíoch do na hoibrithe deonacha a thugann cúnamh dúinn ar feadh na bliana.
